SEICLIOSTA

Déan oiread agus is féidir leat sula dtéann tú go miondíoltóir; ag baint feidhme as an Idirlíon, as guthán, as irisí agus mar sin de.

- Seiceáil airde agus meáchan do linbh
- Faigh amach céard iad na suíocháin a oireann/nach n-oireann do do charr
- Ná ceannaigh ach suíochán ar a bhfuil marc ECE R44.03 nó R44.04
- Cinntigh go bhfuil foireann oilte ag an miondíoltóir a roghnaigh tú
- Cinntigh go ndéanfaidh an miondíóltóir an suíochán a fheistiú agus a sheiceáil
- Cinntigh go bhfuil an suíochán oiriúnach do do leanh AGUS do do charr
- Roghnaigh suíochán ag a bhfuil treoracha simplí agus soiléire faoi fheistiú
- Iarr ar an miondíoltóir tú a threorú tríd an bpróiseás feistithe
- Iarr orthu breathnú agus tú á fheistiú agus seiceáil a dhéanamh ansin go bhfuil sé feistithe i gceart
- Lean treoracha an déantóra ina n-iomláine i gcónaí

An dlí i mbeagán focal

Treoir maidir le d'fhreagracht mar thiománaí

Cé atá i gceist?	**Ag suí sa suíochán tosaigh**	**Ag suí sa suíochán cúil**	**Cé atá freagrach?**
Tiománaí	Ní mór crios sábhála a chaitheamh más ann dó		Tiománaí
Leanbh faoi 3 bhliain d'aois	Ní mór an srianadh linbh ceart a chaitheamh	Ní mór an srianadh linbh ceart a chaitheamh. Mura bhfuil ceann le fáil i dtacsaí, is féidir taisteal gan srianadh	Tiománaí
Leanbh ón 3ú breithlá suas go 135cm d'airde (nó an 12ú breithlá, cibé ceann acu a bhaineann siad amach ar dtús)	Ní mór an srianadh linbh ceart a chaitheamh	Ní mór an srianadh linbh ceart a úsáid nuair is ann do chrios sábhála. Ní mór crios sábhála daoine fásta a úsáid mura bhfuil an srianadh linbh ceart le fáil: - I dtacsaí - feadh achair ghoirid le linn riachtanais gan choinne - má choisceann dhá shrianadh linbh in úsáid tríú ceann a fheistiú	Tiománaí
Leanbh 12 nó 13 bhliain d'aois nó níos airde ná 135cm	Ní mór crios sábhála a chaitheamh más ann dó	Ní mór crios sábhála a chaitheamh más ann dó	Tiománaí
Paisinéirí daoine fásta	Ní mór crios sábhála a chaitheamh más ann dó	Ní mór crios sábhála a chaitheamh más ann dó	Paisinéir

PIONÓIS

Mura tugann tú umhlaíocht don dlí:

- beidh tú dlite d'ionchúiseamh má tá aon leanbh faoi aois 14 gan srianadh nó gan chrios sábhála ceart aige i do charr. Má tá siad níos sine ná 14, beidh siad dlite iad féin
- déanfar pionós airgeadaíochta seasta nó b'fhéidir pointí pionóis a sheirbheáil ort má dhéantar cinneadh go bhfuil leanbh gan srianadh
- Déanfar do chúiteamh a shrianadh. Féadfar aon airgead a dhámhtar tar éis tionóisce a laghdú más rud é nach raibh aon duine sa charr srianta i gceart.

Chomh maith le reachtaíocht a bhaineann le criosanna sábhála, déanann an dlí foráil maidir leo siúd a mheastar a bheith ag iompar paisinéirí ar mhodh contúirteach. Is cion i bhfad níos tromchúisí é seo agus gabhann fíneáil suas go £2,500 agus trí pointí pionóis leis.

Is é an rud is fearr ná cinntiú nach féidir tú a fhriotháil ciontach.